Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Feabhra 2022
(OR. fr)

6414/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0413(NLE)**

PECHE 52

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gCoimisiún Iascaigh an Aigéin Chiúin Thuaidh<br><br>- Glacadh |

1. An 10 Nollaig 2021, thíolaic an Coimisiún an togra (14940/21 + ADD 1) a bhfuil sé d'aidhm aige an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, ag cruinnithe de Choimisiún Iascaigh an Aigéin Chiúin Thuaidh a bhunú, ós rud é gur aontaigh an tAontas don Choimisiún.

2. Scrúdaigh an Mheitheal um an mBeartas Iascaigh an togra an 13 Eanáir 2022, agus iarradh ar na toscaireachtaí tuairimí i scríbhinn a chur isteach. Chuir DK forchoimeádas grinnscrúdaithe parlaiminte isteach, ar cuireadh deireadh leis ó shin. An 26 Eanáir, scaip an uachtaránacht dréachtchinneadh (5521/22) ina raibh leasuithe a mhol an tSeirbhís Dlí, lena n-áirítear athrú ar an mbunús dlí ó Airteagal 43(2) CFAE go hAirteagal 43 CFAE ina iomláine. Tháinig an Mheitheal ar chomhaontú maidir leis an téacs an 27 Eanáir, toisc nár iarradh aon leasú eile. Tá bailchríoch curtha ar an téacs i ngach teanga ag na saineolaithe dlí agus teanga ó shin.

3. Dá bhrí sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an comhaontú ar thángthas air sa Mheitheal a dhearbhú agus a mholadh don Chomhairle an méid seo a leanas a dhéanamh ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo:

   - an Cinneadh, mar a leagtar amach in 5663/22 é, a ghlacadh;

   - an ráiteas atá san aguisín a ghabhann leis an nóta seo a thabhairt dá haire.

4. Cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE. Déanfar cóip den chinneadh ón gComhairle a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa.